C/2026/2939

28.5.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/2939)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Aceite Valle del Tiétar’

Uimh. AE: PDO-ES-03368 Arna chur isteach an 11.11.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Aceite Valle del Tiétar’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☒ TGFC ☐

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

15 — SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA PLANDÚLA NÓ AINMHÍOCHA

1509 — Ola olóige agus a codáin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach ndearnadh modhnú ceimiceach orthu

1509 20 — Ola olóige úríon

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Ola olóige úríon (OOÚ) a fhaightear ó thorthaí an chrainn ológ (*Olea europaea* L.) go heisiach trí mhodhanna meicniúla nó trí mhodhanna fisiceacha eile nach n-athraíonn OOÚ, a chaomhnaíonn blas, dea-bholadh agus saintréithe na dtorthaí as a dtagann sí.

Buantar na hológa go díreach ón gcrann agus iad ag céim aibíochta 6 ar a dhéanaí [ar innéacs an aibithe] agus ní mór dóibh a bheith sláintiúil, gan lochtanna, lotnaidí ná galair.

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha:

— Aigéadacht (arna sloinneadh mar aigéad oiléach): ≤ 0,3 %

— Luach sárocsaíde: ≤ 10 mEq O_2/kg

— Céaracha: ≤ 100 mg/kg

— Eistir eitile: ≤ 20 mg/kg

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tréithe orgánaileipteacha

Leagtar amach próifíl chéadfach lena mbaineann déine atá inbhraite go soiléir leis an anailís orgánaileipteach ar 'Aceite Valle del Tiétar'. Is léiriú iad sin ar éir ilghnéitheacht an táirge, agus is gá ceithre thuairisceoir ar a laghad a bheith ann: searbhas, géire agus dhá cheann ar a laghad díobh seo a leanas – torthaíocht lena mbaineann ruainníní ológ sláintiúil agus úr, féir, duilleoige, úill, almóinn agus torthaí eile. Gan aon ghéire.

Ní mór gach ceann dá rátálacha airmheánacha maidir le torthaíocht, searbhas agus géire a bheith inbhraite, agus ní mór rátáil 3 ar a laghad a bheith i gceist leis an rátáil airmheánach maidir le torthaíocht agus rátáil 8 ar a laghad a bheith i gceist leis an rátáil airmheánach fhoriomlán maidir le tréithe orgánaileipteacha dearfacha.

Dath: idir buí go glasbhuí.

Scór airmheánach le haghaidh lochtanna	Md = 0
Blas torthaíoch airmheánach	Mf ≥ 3,0
Iomlán scóranna airmheánacha na dtréithe orgánaileipteacha dearfacha	≥ 8,0

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Déantar 'Aceite Valle del Tiétar' as ológa de chuid na gcineálacha áitiúla seo a leanas, a fhástar agus a bhuantar sa limistéar geografach sainithe: Manzanilla, Cornatilla, Carrasqueña, Redondilla, Albar, Mollar, Enagua, Machuna agus Gordal, lena n-áirítear nuair a dhéantar beangú. I gcainníocht áirithe, ní mór 80 % ar a laghad den ola teacht ó cheann amháin nó níos mó de na cineálacha thuas.

Féadfaidh cineálacha eile a bheith in 'Aceite Valle del Tiétar', ach níor cheart iad a bheith i gceist le níos mó ná 20 % den táirge. Ní mór iad a fhás agus a bhuain sa limistéar geografach sainithe.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim sa táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chun saintréithe OOÚ faoi chosaint a chaomhnú, déanfar an próiseas pacáistithe i limistéar táirgeachta an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint (ATFC). Fágann sé sin gur féidir rialú iomlán a dhéanamh ar tháirgeadh agus áirithítear leis go mbeidh táirgeoirí áitiúla a bhfuil taithí acu freagrach as láimhseáil deiridh an táirge. Ar ndóigh, is fearr a thuigtear sna muilte cláraithe agus sna gléasraí pacáisithe cén tionchar a bhíonn ag na céimeanna éagsúla a bhaineann leis an bpróiseas pacáistithe, amhail amanna agus modhanna scinceála, úsáid scagairí, ábhair scagaire, teochtaí pacáistithe, fuacht agus stóráil ar a gcuid OOÚnna. Cuidíonn scagadh cuí le cuma an táirge a fheabhsú nuair a thairgtear é lena dhíol leis an tomhaltóir, agus feabhsaíonn sé na dálaí chun é a leasú. Is é is cúis leis sin smionagar soladach dianscaoilte agus taise a bhaint go páirteach nó go hiomlán, rud a d'fhágfadh go mbeadh cleachtas míchuí [leasaithe] ann murach sin agus go bhféadfadh coipeadh anaeróbach a bheith ann. Is é an aidhm dheiridh atá leis an scagadh saintréithe an táirge a chaomhnú go dtí an seoladh, céim dheiridh an phróisis.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lipéad uimhrithe ar a bhfuil an t-ainm 'Aceite Valle del Tiétar' a bheith ar an bpacáistíocht ina seoltar OOÚnna faoi chosaint, mar aon le lógó ATFC.

Ní mór na lipéid a ghreamú orthu ag na gléasraí pacáistithe cláraithe ar bhealach nach féidir iad a athúsáid.



5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar táirgeachta suite i ndeisceart chúige Ávila agus cuimsítear leis na 24 bhardas seo a leanas: Arenas de San Pedro, Candeleda, Casavieja, Casillas, Cuevas del Valle, El Arenal, El Hornillo, Fresnedilla, Gavilanes, Guisando, Higueras de las Dueñas, Lanzahita, La Adrada, Mijares, Mombeltrán, Navahondilla, Pedro Bernardo, Piedralaves, Poyales del Hoyo, Santa Cruz del Valle, San Esteban del Valle, Santa María del Tiétar, Sotillo de la Adrada agus Villarejo del Valle.

Tá sé laistigh de Lárchóras na sliabhraonta, mar a thugtar air, agus go sonrach ag bun Sierra de Gredos. Tá teorainn aige san iarthar le ceantar La Vera, ó thuaidh le Alto Tormes agus Alto Alberche, ó dheas le Campo Arañuelo agus Tierra de Talavera trasna Sierra de San Vicente, agus ar an taobh thoir le Gleann Alberche agus Bajo Alberche.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

6.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tosca nádúrtha

Ritheann Abhainn Tiétar agus a craobh-aibhneacha trí Ghleann Tiétar, a bhfuil a bithéagsúlacht agus a miocraeráid mar shaintréith de. Fágann sé sin gur féidir le speicis fhothrópaiceacha, amhail torthaí citris, fás ar thaobhanna an ghleanna, in éineacht le crainn ológ, figí agus seanfhíniúnacha, in ord flúirse. Ina theannta sin, tá gach cineál crann torthaí agus speiceas crann eile ann, a fhásann go minic i measc na mbarr féin.

Tá tionchar an-mhór ag Sierra de Gredos ar an aeráid i gceantar Ghleann Tiétar, a thugann foscadh don limistéar táirgeachta ón ngaoth fhuar aduaidh, agus a choinníonn aermhaiseanna taise ón iardheisceart istigh sa ghleann, rud a fhágann gur ann d'aeráid neamhurchóideach.

De réir aicmiú Köppen-Geiger, is aeráid 'mheasartha' Csa í aeráid an limistéir, agus aicmítear í mar aeráid fho-bhogthais Mheánmhuirí freisin. Tá na meánteochtaí bliantúla timpeall 13,5 °C, agus bíonn íosteochtaí thart ar 7 °C agus uasteochtaí timpeall 20 °C le brath. Bíonn meánleibhéal frasaíochta bliantúil 700 mm i nGleann Tiétar. Bíonn éagsúlacht ag baint leis an mbáisteach agus leis na teochtaí, ag brath an airde agus ar an ngrádán.

Tá na figiúirí a sholáthraítear thuas laistigh den raon is fearr chun ológa a fhás.

Bíonn idir 300 agus 350 lá ag an limistéar críochaithe gan sioc agus bíonn meán-bhogthaise choibhneasta bhliantúil 55 % ann. Léirítear sna taifid go mbíonn os cionn 3 000 uair an chloig de thréimhsí gréine ann in aghaidh na bliana, níos mó ná an 2 800 uair an chloig is gá, a fhágann gur ann do na dálaí aimsire is fearr chun ológa a fhás sa limistéar.

Carraigeacha plútónacha agus meiteamorfacha atá i gceist le liteolaíocht Sierra de Gredos, agus is ó na carraigeacha sin a tháinig ábhair dríodair threasaigh (ábhar balctha arcóis) agus atá lonnaithe den chuid is mó i nGleann Tiétar. Dá bhrí sin, fásann na crainn ológ ar ithreacha a d'fhorbair ar eibhear nó ar ábhair arcóis.

Is é uigeacht dúrabháin ghainmheach an cineál uigeachta is coitianta sna hithreacha. Tá cion ábhair orgánaigh idir 0,9 % agus 4,6 % ann; tá an cóimheas carbóin-nítrigine thart ar 12; agus tá an acmhainneacht malartaithe caitian idir 14,1 agus 25,6 cmol+/kg, luach atá os cionn an luacha 8-10 mEq/100g a mholtar. Léirítear dea-cháilíocht ithreach le haghaidh saothrú ológ leis na luachanna sin.

Tá na hithreacha aigéadach den chuid is mó, lena mbaineann leibhéil pH idir 5,5 agus 7,0, arb é sin an réimse pH is fearr le haghaidh crann ológ. Mar thoradh ar aigéadacht san ithir, tá an meánchion cailciam íseal (6,0 g/kg-1) i gcomparáid leis an meánchion domhanda (15,0 g/kg-1), agus tá meánchion rubaidiam (204,9 mg/kg-1) níos airde ná an meánchion domhanda (111,5 mg/kg-1) ach bheifí ag súil leis sin i limistéir ina bhfuil substráit charraige aigéadach.

Ní thugtar le fios leis na leibhéil seoltachta leictrí gur ann d'aon fhadhb shalandachta, ós rud é gur próifílí 'neamhsháraithe' iad na próifílí uile.

Tosca daonna

Is sainghné talmhaíochta den cheantar iad na léibhinn i nGleann Tiétar. Tá fánaí ingearacha sna léibhinn atá 1-2 m ar airde, ar a bhfuil bloic eibhir áitiúil.

Déantar an bhuain nuair a bhíonn aibíocht uasta chéim 6 ag na hológa, agus seoltar na torthaí díreach tar éis na buaine. Tá toirmeasc ar stóráil shealadach, agus déantar an phróiseáil ag teochtaí ísle faoi dhálaí atá oiriúnach d'eastóscadh fuar; bíonn amanna próiseála gearr agus stóráiltear OOÚ in áit dhorcha.

6.2. *Sainiúlacht an táirge*.

Is iad na cineálacha aitheanta Manzanilla, Cornatilla, Carrasqueña, Redondilla, Albar, Mollar, Enagua, Machuna agus Gordal, lena n-áirítear nuair a dhéantar beangú, a úsáidtear chun an táirge ilchineálach 'Aceite Valle del Tiétar' a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur crios trasdula idir limistéir ina bhfuil an táirgeadh aonchineálach níos tábhachtaí é an limistéar geografach táirgeachta. Mar gheall ar an gcumasc nádúrtha sin de na cineálacha sainaitheanta atá ann, is féidir ola a fháil ag a bhfuil próifíl chéadfach ilghnéitheach, arb é is saintréith di easpa géire agus ar a laghad ceithre cinn de na tuairisceoirí seo a leanas: searbhas, géire agus, ina theannta sin, dhá cheann de na gnéithe is sainiúla den ola seo, amhail torthaíocht ológa sláintiúla agus úra, féar, duilleog, úll, almóinne nó torthaí eile. Ní mór na rátálacha airmheánacha maidir le torthaíocht, searbhas agus géire a bheith inbhraite, agus ní mór rátáil 3 ar a laghad a bheith i gceist leis an rátáil airmheánach maidir le torthaíocht agus rátáil 8 ar a laghad a bheith i gceist leis an rátáil airmheánach fhoriomlán maidir le tréithe orgánaileipteacha dearfacha.

Saintréith de chuid 'Aceite Valle del Tiétar' is ea próisis ocsaídiúcháin laghdaithe lena mbaineann leibhéil luacha sárocsaíde faoi bhun 10 mEq O_2/kg. Ar an gcaoi chéanna, léirítear próisis laghdaithe lipealaithe i leibhéil aigéadachta nach mó ná 0,3 %; eistir eitile faoi bhun 20 mg/kg; agus dea-bholadh nach dtéann i laige. An tráth céanna, léirítear ardcháilíocht na dtorthaí leis na leibhéil ísle a cheadaítear le haghaidh cion céarach.

6.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus saintréithe an táirge*

Mar thoradh ar roghnú nádúrtha, tá córas ilchineálach ann a fhágann gur féidir crainn ológ a fhástar i nGleann Tiétar a shainaithint agus a idirdhealú. Tá na crainn ológ sin uathúil mar gheall ar thionchar na dtosca éagsúla le chéile a bhaineann go sonrach leis an limistéar: garráin ológ de chineál sléibhe; déine íseal barr; éifeacht chosanta Sierra de Gredos ar an aeráid; ithreacha de thionscnamh eibhreach; neart tréimhsí gréine; saothrú ar léibhinn agus ar dháileachtaí talún réidhe; miocraeráid agus bithéagsúlacht an fhlóra sa limistéar máguaird. Cuirtear borradh faoi ilchineálacht an chomhshaoil agus faoi léiriú ar leith gach cineáil áitiúil, rud a chuireann le próifíl chéadfach ilghnéitheach, leis an meascán de bharra agus fásra a bhíonn ann go nádúrtha, mar aon le garráin ológ ar léibhinn.

Tá na dálaí cearta ann chun comhdhúile aramatacha a shintéisiú mar gheall ar an aeráid chineálta agus na hairíonna ithreach, dálaí a mheastar a bheith thar a bheith oiriúnach le haghaidh saothrú ológ agus táirgeadh ola olóige úríon. Comhlíontar ceanglais chothaitheacha uile na gcrann ológ mar gheall ar na dálaí sin, a fhágann nach dtarlaíonn hidrealú ná imoibrithe ocsaídiúcháin chomh minic sin.

Cuireann an iliomad tréimhsí gréine i nGleann Tiétar (níos mó ná 3 000 uair an chloig in aghaidh na bliana), mar aon leis na garráin ológ, atá curtha chun leas iomlán a bhaint as an ngrian, agus na barra a fhástar ar léibhinn agus ar dháileachtaí talún réidhe, borradh faoi fhótaisintéis agus, dá bhrí sin, faoi ghiniúint comhdhúl so-ghalaithe (aildéid agus alcóil), arb iad is cúis leis na bolaithe torthaí glasa agus bolaithe féir/duilleoige, úill ghlais agus torthaí úra. Is toisc é sin a bhfuil tionchar mór aige ar chuimse na substaintí aramatacha atá in 'Aceite Valle del Tiétar'. Bíonn tionchar ag an raon teochta idir lá agus oíche freisin: tá laethanta te fabhrach d'imoibrithe einsímeacha agus do bhithshintéis; bíonn laghdú ar ghníomhaíocht riospráide, ar luaineacht chumaisc agus ar dhíghrádú réamhtheachtaithe sna hoícheanta fuara, rud a chabhraíonn le dea-bholaithe a chaomhnú.

Aibítear na garráin ológ go haonchineálach mar gheall ar na dálaí measartha agus an tréimhse fhada gan sioc, agus dá bhrí sin laghdaítear damáiste fiseolaíoch a spreagfadh próisis díghrádaithe, ocsaídiúcháin nó réabtha ceall a dhéanfadh difear diúltach do phróifíl aramatach agus do cháilíocht an táirge. Ina ionad sin, tugtar tús áite do OOÚ ina bhfuil cion íseal céarach (≤ 100 mg/kg) a tháirgeadh toisc go gcoinnítear an eipideirm slán agus toisc go bhfuil an cion saoraigéid shailligh gar do nialas ann (aigéadacht ≤ 0,3 %).

Is as eibhear a thagann na hithreacha lena mbaineann pH measartha aigéadach agus leibhéil arda draenála. Déantar foráil leo sin maidir le fás measartha agus táirgeacht dhlúth agus mar gheall air sin bíonn torthaí níos lú ann ag a bhfuil cóimheas craicinn/bia níos airde. Tá méid áirithe 'strus rialaithe' i gceist mar gheall ar an draenáil agus an chaoi nach gcoinnítear an méid céanna uisce sa samhradh. Cuireann sé sin borradh faoi bhithshintéis na gcomhdhúl feanólach agus na réamhtheachtaithe aramatacha, rud a léirítear i searbhas agus géire shuntasach, agus i mbolaithe níos láidre torthaí glasa, duilleoige nó úill, agus i gcobhsaíocht ocsaídiúcháin nádúrtha níos fearr. Ina theannta sin, tá na torthaí in ann forbairt i gceart gan meathlú mar gheall ar chothú cothrom, rud a laghdaíonn réabadh ceall, scaoileadh einsímí liopáise agus díghrádú na dtorthaí, agus dá bhrí sin íoslaghdaítear scaoileadh saoraigéad sailleach.

Íoslaghdaítear réabadh na dtorthaí, laghdaítear gníomhaíocht einsímí táireacha (amhail liopaí) agus cuirtear cosc ar ocsaídiú agus ascnamh substaintí ón gcraiceann (amhail céaracha) chuig an OOÚ leis an mbuain a dhéanamh go díreach ón gcrann ag uasaibíocht chéim 6 – agus leis an oibleagáid muilleáil sula mbeidh 24 uair an chloig caite. Tá tionchar díreach aige sin ar an aigéadacht ≤ 0,3 %, ar an luach sárocsaíde ≤ 10 mEq O_2/kg, ar chéaracha ≤ 100 mg/kg agus ar eistir eitile ≤ 20 mg/kg. Is saintréithe den ola faoi chosaint iad na luachanna sin, atá nasctha go díreach leis an bpróiseáil a dhéantar sa limistéar.

Cuidíonn muilleáil láithreach agus eastóscadh láithreach ag faoi bhun 27 °C leis na comhdhúile feanólacha agus so-ghalaithe a fhoirmítear sa gharrán ológ a choinneáil.

Cuirtear cosc ar fhorbairt an phróisis ocsaídiúcháin leis an táirge a stóráil in umair dhúnta gan solas ar bith ag teochtaí faoi bhun 25 °C agus leis an taise iarmharach íseal tar éis scagacháin, rud a áirithíonn nach ndéanfar an phróifíl aramatach a dhíghrádú mórán agus go ndéanfar dath glasbhuí nádúrtha na dtorthaí a chaomhnú. San am céanna, is saintréith ar leith de 'Aceite Valle del Tiétar' iad na luachanna sárocsaíde ísle faoi bhun 10 mEq O_2/kg.

Faightear ola ag a bhfuil próifíl ilghnéitheach chéadfach, torthaíocht shoiléir agus searbhas agus géire shuntasach mar aon le comhchuibheacht uilechuimsitheach tréithe orgánaileipteacha dearfacha mar gheall ar meascán de chóras ilchineálach, tosca nádúrtha agus cleachtais láimhseála agus buaine. Léirítear é freisin lena phróisis ocsaídiúcháin agus lipealaithe theoranta, a léirítear i luachanna fisiciceimiceacha thar a bheith íseal a bhaineann go sonrach leis an ATFC 'Aceite Valle del Tiétar' agus atá sainiúil dó.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://www.itacyl.es/documents/20143/342640/PCC+DOP+Aceite+Valle+del+Ti%C3%A9tar.pdf/ba89caf8-2b3b-dcd7-461e-390b7d266025?t=1756725636652